

BUNÚS AN FHOCAIL *FRESABRA*

*Dia do bheathasa a Bhriain diúid
d'éis éirghe as an Institiúid;
rob soraidh an ré is dán doid
is é gan ágh gan anbhroid!*

TÁ an focal *fresabra* (*freasabhra*) samhlaíthe leis an bhfocal *abra* (*fabhra*) ag an eagarthóir, Eleanor Knott, i bhFoclóir an Acadaimh (*DIL*). Comh fada lem eolas, níor chuir sí in úil fátha a tuairime riamh, agus dá cheal san is deacair gan diúltú dhi. Ar an gcéad dul síos, ní léir gaol ná cóngas brí eatarthu. Dá chionn san, ba riachtanach forás céille ar leithligh a chur i gcás a shnaidhmfeadh an dá bhrí le chéile. Ní fios conas a mheasfadh an bhanscoláire an comhcheangal san a shlánú. Níl aon amhras, ámh, ná go bhfágann uireasa an eolais sin a tuairim crochta san aer gan crann taca lé. Ó tá an scéal amhlaidh, b'fhé nach miste dhom súil a thabhairt i dtreo eile ar thuairisc bhunrúta an fhocail.

Do thaobh an chéad tsiolla, *fres-*, is féidir a thógaint ina áirithe gurb é a bhí ann, dar le Miss Knott, *frith* + *ess-* ó bhunús. Seochas *fresabra*, tá leathdosaen éigin eile d'fhocail liostálta sa bhFoclóir aici go bhfuil *fres-* mar chomhchuid tosaigh iontu. Sid iad i ndiaidh a chéile iad:

fresc(i)siu (br.-a. *fris-acc(i)*)
fres(n)gabál ('the act of rising or ascending', *DIL*)¹
freslige ('lying beside or with', *DIL*; br.a. **fris-laig*)
fresmacht
fres(n)dal (br.-a. *fris-indlea*)
fresndís, -éis (br.-a. < **frith-ess-ind-fiad-*)²

Mar is léir, i dtaobh amuigh de *fresmacht* (< *fressmacht*, is dóichí) briathar-ainmneacha is ea na focail sin ar fad. Níor mhór an iúna a cheapadh as san gur focal den aicme chéanna *fresabra*, go háirithe ar chuimhneamh dúinn ar nádúir na céille a ghabhann leis. Cuirim i gcás an míniú a thug Céitinn ar *rí go bhfreasabhra*: 'mar atá rí agā raibhe mórán d'uaislibh Éireann ag cur 'na aghaidh fā fhlaithreas Éireann do bheith 'na sheilbh'.³ Ní aon amhras ná gur 'ag cur 'na aghaidh do ghníomh' a bhí agus atá le tuiscint.

An fhaid a théann *fres-*, tá an míniú san oiriúnach go maith: 'out against'. Ach is é corp an fhocail an fhadhb, ní hamháin i bpáirt na foirme ach do thaobh na céille comh maith. Do mheas Miss Knott, do réir dhealraimh, gur ghuthaí ab ea foghar tosaigh na comhchoda deiridh

¹Féach *fris-ócaib* agus *-fresgaib*, *DIL*.

²H. Pedersen, *Vergleichende Grammatik der keltischen Sprachen* II (Göttingen 1913) 520.

³Ir. Texts Soc. IX (London 1908) 318 línte 4963-4.

den fhocal. Ach cá bhfios ná gur simpliú ortagrafach *-s-* ar *-ss-* nó fós ar *-ss-* + *s-*, agus dá réir sin gur féidir gurb é an consaine *s-* foghar tosaigh na comhchoda deiridh le ceart? Ar bhonn a chur i gcás gur fíor san, creidim gur féidir comhchuid deiridh an fhocail d'aithint nó, an chuid is lú dho, barúil a thabhairt di go bhfuil dealramh lé.

Ag gabháil trísna na bréithre 'laga' go bhfuil *s-* ina chonsaine tosaigh iontu agus cosúlacht éigin le *-sabra* acu ina gcoimpléasc fóineolaíochta, ní bhuailfidh im thuairim linn ach aon chuspóir dóichiúil amháin. Is é sin *siabraid* 'arouses to fury; distorts, transforms' (féach *DIL*). Tá foirmeacha gaolmhara uile an bhriathair seo cíortha scagtha léirithe go lán-éifeachtach i *DIL*, insa tslí gur neamh-ghá an cúram san a ghabháil do láimh anso. Á thaiseáint a ghiorracht dá chéile i gcúrsaí céille atá an briathar so agus *fresabra*, is leor aon tsolaoid amháin a lua: (iúrthund Cu Chulaind, or si) *día siabairther immi* 'if he become filled with rage' (LU, 8809-8810).⁴

Ón ainmfhocal *siabair* 'spectre' a cumadh *siabraid*. Dá mbunófaí comhbhriathar fara *frith-ess-* air, is é crot a bheadh air **fris-siabra*. Is í an cheist anois an mbeadh a leithéid d'fhoirm agus *fresabra* ag comhfhreagairt dá chéile mar a bheadh 3ua. láithreach táscach deotratonach ann agus an br.-a. go mbeadh coinne leis? Chun freagra deimhnitheach a thabhairt ar an gceist, ní foláir féachaint chun dhá phointe nach fál go haer ceachtar acu, mar a shílím.

Ó's *a-*bhriathar 'lag' *siabraid* agus br.-a. rialta aige, in áit *fresabra* a chríochnú ar ghuthaí, is é an foirceann stairiúil *-ad* go mbeifí ag brath leis. Ach is cóir a thabhairt fé ndeara nach é litriú na SG atá ar *fresabra* ach, an chuid is luaithe dho, litriú na MG; agus insa chás féin go raibh an foirceann slán sa SG, dob fhada uaidh a bheith saor ó bhaol an *-d* deiridh a chailliúint ina dhiaidh sin. A fhianaise sin a bhfuil de bhriathar-ainmneacha liostálta ar fuaid 'Irish grammatical tracts III' (eag. O. Bergin, *Ériu* 14 (1946) suppl., 167-250), go bhfuil an foirceann consainiúil (*-adh*) agus foirceann guthúil (*-a* nó *-e*) mar mhalairt ar a chéile iontu.⁵ Pointe fóineolaíochta an tarna habhar is gá a chur ar bun. Is é sin an t-athrú ('neodarú') *-ía-* (< *ē*) fé bhéim an ghutha chun *-a-* san ionad neamh-aiceanta. Cuirtear i gcomparáid leis míniú Pedersen ar *Find-abair:Br. (Gwen)-hwyfar:MG siabrae*;⁶ agus féach Vendryes, *Lexique étymologique s.v. siabar*.⁷

R. A. BREATNACH

Corcaigh

⁴Féach ciallú Bergin ar *siabarthair* (*Stories from the Táin* (Dublin 1944) 99).

⁵I measc na solaoídí tá: *labhra* § 47, *labhradh* § 45; *innarba(dh)* (SG *indarpae*), *oba(dh)* (SG *opad*) § 67, *tebe(adh)* (SG **teipe*) § 68, *caoine(adh)* (féach *DIL* s.v. *caíne*) § 71, *tinnmhe(adh)* § 82, etc.

⁶*Vergleichende Grammatik* I (Göttingen 1909) 266.

⁷Cuirtear i gcomparáid éiraim, **téaraim* (*Éigse* 6 (1952) 340).